Feabhra 2008

inou
Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe

# Bí ar an Eolas faoi do Chearta Leasa Shóisialaigh

## An méid is gá a bheith ar eolas agat nuair a chailleann tú do phost

**Féadann an córas Leasa Shóisialaigh a bheith an-mhearbhlach do dhaoine a chailleann a bpoist. Is treoir bhunúsach é seo faoi na rudaí ar chóir duit bheith ar an eolas fúthu agus na rudaí ar chóir duit a dhéanamh má chailleann tú do phost.**

## Buneolas faoi Leas Sóisialach

Má chailleann tú do phost, ba chóir duit dul i dteagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil láithreach, áit ar féidir leat iarratas a dhéanamh ar Shochar Cuardaitheora Poist (SCP) nó Liúntas Cuardaitheora Poist (LCP). Tá sé an-tábhachtach iarratas a dhéanamh láithreach mar má chuirtear aon mhoill ar d'éileamh, d'fhéadfá íocaíochtaí a chailliúint. Tá seoladh d'Oifige Leasa Shóisialaigh áitiúla le fáil ar leathanaigh ghlasa an eolaire guthháin.

Is iad Sochar Cuardaitheora Poist (SCP) agus Liúntas Cuardaitheora Poist (LCP) na híocaíochtaí dífhostaíochta príomhúla. Chun aon cheann de na híocaíochtaí seo a fháil, ní mór duit:

- Bheith cónaitheach i bPoblacht na hÉireann
- Bheith faoi bhun 66 chun bheith i dteideal Sochar Cuardaitheora Poist. Ní mór duit bheith faoi bhun 66 agus os cionn 18 chun bheith i dteideal Liúntas Cuardaitheora Poist
- Bheith dífhostaithe ar feadh 3 lá ar a laghad as aon 6 lá as a chéile
- Bheith Ar Fáil chun oibre, Cumasach chun oibre agus ag Cuardach Obair lánaimseartha go fíréanta

## Ar Fáil chun Oibre, Cumasach chun Oibre agus ag Cuardach Oibre go fíréanta

Chun bheith i dteideal SCP nó LCP a fháil agus chun na híocaíochtaí a fháil go leanúnach, ní mór duit obair a lorg agus bheith ar fáil chun obair lánaimseartha a dhéanamh. Ciallaíonn an reachtaíocht maidir le hObair a Chuardach go Fíréanta go gcaithfidh tú a bheith réidh glacadh le haon tairiscint réasúnta d'fhostaíocht, oideachas agus/nó oiliúint. Ba chóir d'aon tairiscint réasúnta d'fhostaíocht a bheith cuí, ar dtús, do do scileanna, do cháilíochtaí agus do thaithí (féach an Seicliosta ar an leathanach cúil).

✆ Déan teagmháil leis an INOU nó le d'ionad acmhainne áitiúil má chreideann tú nach bhfuiltear ag caitheamh go cothrom leat.

## Sochar Cuardaitheora Poist (SCP)

Tá do theidlíocht chun SCP a fháil bunaithe ar líon na ranníocaíochtaí ÁSPC ábhartha íoctha nó creidiúnaithe (ar a tugadh stampaí cheana) atá agat. Féadann ranníocaíochtaí ÁSPC a bheith íoctha (nuair a bhíonn tú ag obair) nó creidiúnaithe (nuair a bhíonn tú cláraithe ar an mBeo-Chlár.

**Tá tú i dteideal Sochar Cuardaitheora Poist má tá:**

- Cailleanas suntasach fostaíochta de lá amháin ar a laghad agus cailleanas ioncaim agat **agus**
- 52 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha agat ó thosaigh tú leis an obair **agus**

i) 39 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha nó creidiúnaithe sa Bhliain Cánach Ábhartha *

**nó**

ii) 26 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha sa Bhliain Cánach Ábhartha *

**agus**

- 26 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha sa Bhliain Cánach roimh an mBliain Cánach ábhartha *

☛ D'fhéadfá a bheith incháilithe do Shochar Cuardaitheora Poist (SCP) arís má tá 13 ranníocaíocht íoctha agat ó tháinig d'éileamh SCP roimhe sin chun críche.

Braithfidh an méid a gheobhaidh tú mar íocaíocht SCP ar do mheán-olltuilleamh seachtainiúil. Beidh tú i dteideal an ráta SCP iomlán má bhí do thuarastal ar a laghad €150 in aghaidh na seachtaine sa bhliain cánach/ranníocaíochta ábhartha*.

** Tá an bhliain cánach/ranníocaíochta ábhartha bunaithe ar na ranníocaíochtaí déanta agat sa bhliain cánach dhá bhliain roimh an mbliain ina bhfuil éileamh ar íocaíocht dífhostaíochta á dhéanamh agat, i.e. is í 2006 an bhliain cánach/ranníocaíochta ábhartha chun éileamh a dhéanamh ar SCP in 2008, agus bíonn tionchar ar líon na ranníocaíochtaí íoctha nó creidiúnaithe déanta agat in 2006 ar do theidlíocht chun SCP in 2008.*

## D'Íocaíocht a Bhailiú

Íoctar íocaíochtaí SCP agus LCP ar bhonn seachtainiúil. Is féidir leat a roghnú an bhfaighidh tú íocaíocht trí:

- Oifig an Phoist
- Seic
- Íocaíocht díreach isteach i do chuntas Bainc

Má tá aon deacracht agat maidir le d'íocaíocht a fháil, déan teagmháil leis an INOU nó le d'Ionad Acmhainne áitiúil.

## – Uasrátaí Íocaíochta 2008 –

| | Liúntas Cuardaitheora Poist | Sochar Cuardaitheora Poist |
|---|---|---|
| Ráta Pearsanta | €197.80 | €197.80 |
| Ráta Duine Fásta Incháilithe | €131.30 | €131.30 |
| Ráta Gach Linbh Incháilithe | € 24.00 | € 24.00 |
| Ráta Gach Linbh Leath-Incháilithe | € 12.00 | € 12.00 |

## Liúntas Cuardaitheora Poist (LCP)

Mura bhfuil go leor ranníocaíochtaí ÁSPC agat le bheith incháilithe d'íocaíochtaí SCP d'fhéadfá bheith i dteideal LCP:

- Má chomhlíonann tú tástáil acmhainne
- Má chomhlíonann tú an riail maidir le Gnáthchónaí

### Tástáil Acmhainne

Nuair atá éileamh á mheas, cuirtear na nithe seo a leanas san áireamh sa tástáil acmhainne:

- Ioncaim Airgid
- Maoin
- Caipiteal
- Sochar agus Pribhléid

Cuirfear beagnach d'ioncam airgid uile san áireamh. Tá roinnt eisceachtaí cosúil le Sochar Leanaí agus Forlíonadh Cíosa/Ús Morgáiste. D'fhéadfá bheith i dteideal méid áirithe airgid a thuilleamh ó fhostaíocht íoctha sula rachadh sé i gcion ar d'ío-caíocht. Tugtar neamhaird ioncaim air sin. Féadfar luach aon mhaoine, seachas do bhaile féin, infheistíochtaí, choigiltis agus chaipitil a mheas sa tástáil acmhainne. Is ionann Sochar agus Pribhléid agus measúnú ar an sochar faighte trí bheith i do chónaí le tuismitheoirí (ní bhaineann sé seo le daoine 25 bliain d'aois nó os a cionn agus déanfar athbhreithniú air sin i mí Aibreáin 2008).

Braithfidh do theidlíocht chun íocaíocht LCP ar d'acmhainn nó ioncam. Braithfidh ráta seachtainiúil d'íocaíocht LCP ar d'acmhainn freisin.

- ☛ Ba chóir duit taifead a choinneáil de ráitis bhainc nó cun tais mar d'fhéadfadh sé bheith riachtanach iad a sholáthar.

### Gnáthchónaí - LCP amháin

Go ginearálta, má tá iarrthóir lonnaithe go dleathach in Éirinn ar feadh 2 bhliain nó níos mó, má oibríonn sé/sí in Éirinn agus má tá sé ar intinn aige/aici fanacht in Éirinn agus Éire a bheith mar bhaile buan aige/aici, comhlíonfaidh sé sin an critéar maidir le gnáthchónaí. Féadfaidh sé sin bheith faoi réir athraithe. Le haghaidh faisnéis cothrom le dáta, déan teagmháil leis an INOU, le do thoil.

Amhail ó mhí na Samhna 2005, féadfaidh saoránaigh an AE a bhí ag obair in Éirinn íocaíocht bhunúsach de Liúntas Leasa Forlíontach (LLF) a éileamh agus rochtain a fháil ar Fhorlíonadh Cíosa mura gcomhlíonann siad na critéir maidir le Gnáthchónaí: • má bhí siad fostaithe in Éirinn, • má chaill siad a bpoist agus má chomhlíonann siad coinníollacha incháilitheachta eile LLF. Ba chóir gach cás a bhreathnú ar bhonn a fhiúntais féin.

### Déan teagmháil le:

- Rannán Cearta Leasa INOU nó d'Ionad Acmhainne Áitiúil má tá aon cheisteanna agat faoi chearta chun leasa.

✆ Guthán 01-856 0088.

✉ Ríomhphost: welfareinfo@inou.ie.

## Creidmheasanna nó Ranníocaíochtaí Creidiúnaithe ÁSPC

Is ionann creidmheasanna agus ranníocaíochtaí árachais shóisial-ta (ÁSPC) a chabhróidh leat do theidlíochtaí árachais shóisialta (e.g. Pinsin) a chosaint le linn tréimhsí nuair nach féidir leat ranníocaíochtaí íoctha a dhéanamh (i.e. le linn duit bheith dífhostaithe). Má chailleann tú do phost i ndiaidh duit ÁSPC a íoc sa dhá bhliain roimhe sin, is féidir leat clárú le haghaidh creidmheasanna. Mura n-íoc tú ranníocaíochtaí ÁSPC sa dhá bhliain roimhe sin, ní féidir leat clárú le haghaidh creidmheasanna.

- ☛ Má chláraíonn tú le haghaidh creidmheasanna, ceanglófar ort na critéir maidir le hobair a chuardach go fíréanta a chomhlíonadh.
- ☛ Féadann creidmheasanna bheith an-tábhachtach chun a chinntiú go mbeidh tú incháilithe d'íocaíochtaí cosúil le pinsin.

## Sochair Thánaisteacha

Is iad Sochair Thánaisteacha sochair a d'fhéadfá a bheith ina dteideal nuair atá tú ag fáil SCP nó LCP.

Má tá tú ag fáil Sochar Cuardaitheora Poist/Liúntas Cuardaitheora Poist seans go mbeifeá i dteideal:

☛ **Ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte áitiúil (HSE)** (a bhí ina Bhord Sláinte roimh sin )

- Forlíonadh Cíosa/Ús Morgáiste
- Cárta Leighis/Cárta Cuairte Dochtúir
- An Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun
- Filleadh ar Scoil

☛ **Ó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil**

- Íocaíocht Bhreise na Nollag
  (Níl sé seo iníoctha má tá SCP nó LCP á fháil agat ar feadh tréimhse níos lú ná 15 mí)
- Liúntas Breosla
  (Níl sé seo iníoctha má tá SCP nó LCP á fháil agat ar feadh tréimhse níos lú ná 15 mí)
- Liúntas Breosla gan Toit

☛ **Ó d'Údarás Áitiúil**

- Cíos Difreálach
- Scéim Cóiríochta ar Cíos (SCC)

*Tá an foilseachán seo maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta*

## Seicliosta ✔

### – Céard le déanamh nuair a chailleann tú do phost

- ✔ Déan iarratas ar SCP nó LCP ag d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil chomh luath agus a chailleann tú do phost.
- ✔ Mura bhfuil tú i dteideal SCP seans go bhfuil tú i dteideal íocaíocht LCP tástáilte ó thaobh acmhainne.
- ✔ Ba chóir duit clárú le FÁS a thabharfaidh cúnamh duit agus tú ag cuardach poist.
- ✔ Mura bhfuil tú i dteideal SCP nó LCP, seans go bhfuil tú i dteideal íocaíochta de Liúntas Leasa Forlíontach (LLF) ón Oifigeach Leasa Pobail ag d'Ionad Sláinte HSE áitiúil. Seans go mbaineann sé sin leat freisin más oibreoir ón AE thú nach gcomhlíonann an riail maidir le Gnáthchónaí.

### – Céard le déanamh nuair a dhéanann tú d'éileamh

- ✔ Nuair a dhéanann tú éileamh, beidh ort cruthúnas aitheantais (Pas, Ceadúnas Tiomána nó Teastas Breithe) agus cruthúnas seolta (bille teaghlaigh cosúil le BSL, ráiteas bainc nó cáipéis chánach) a thabhairt leat.
- ✔ Beidh ort do P45 nó litir ó d'fhostóir a thabhairt leat a luann cathain a chríochnaigh tú leis an obair. Má chuireann fostóir litir ar fáil a mhíníonn cén fáth ar cuireadh deireadh le do phost, d'fhéadfadh sé d'éileamh a luathú.
- ✔ Má tá tú chun iarratas a dhéanamh ar Shochar Cuardaitheora Poist, beidh ort do P60 a thabhairt leat freisin.

### – Do SCP nó LCP a Choinneáil

Chun SCP nó LCP a fháil (nó chun leanúint ar aghaidh le hiad a fháil), ní mór na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

- ✔ Ní mór duit obair lánaimseartha a chuardach go fíréanta agus ní mór duit a bheith ar fáil chun obair lánaimseartha a dhéanamh. Iarrfar ort cruthúnas a sholáthar de na hiarrachtaí atá déanta agat maidir le post a fháil. Coinnigh taifead de na litreacha uile seolta chuig/faighte ó fhostóirí, lena n-áirítear ríomhphoist, glaonna gutháin, fógraí ó nuachtáin agus aon fhianaise eile a léiríonn go bhfuil post á chuardach agat.
- ✔ Ní mór duit an Roinn a chur ar an eolas (e.g. trí mheán d'Oifige Leasa Shóisialaigh áitiúla) faoi aon athruithe ar do chúinsí. Má éiríonn do chúinsí níos measa, d'fhéadfá bheith i dteideal cúnamh breise.

**INOU, Teach Araby, 8 Sráid Richmond Thuaidh, BÁC 1.**

✆ 01-856 0088 ✉ welfareinfo@inou.ie

01-856 0090 www.inou.ie